Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13646/20**

**AGRI 458**
**AGRIFIN 125**
**FIN 919**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12907/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: Biodiversity on farmland: CAP contribution has not halted the decline [An bhithéagsúlacht ar thalamh feirme: Níl stop curtha ag rannchuidiú CBT leis an meath]<br>- *Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Biodiversity on farmland: CAP contribution has not halted the decline* [An bhithéagsúlacht ar thalamh feirme: níl stop curtha ag rannchuidiú CBT leis an meath], mar a glacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 3 Nollaig 2020 é.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***Biodiversity on farmland: CAP contribution has not halted the decline* [An bhithéagsúlacht ar thalamh feirme: Níl stop curtha ag rannchuidiú CBT leis an meath]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(1) TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 13/2020 ón gCúirt dar teideal *Biodiversity on farmland: CAP contribution has not halted the decline* [An bhithéagsúlacht ar thalamh feirme: Níl stop curtha ag rannchuidiú CBT leis an meath], lena meastar ar chabhraigh an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) le bithéagsúlacht na talún feirme a chothabháil agus a fheabhsú;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt a bhaineann leis an méid seo a leanas: comhordú agus dearadh le haghaidh straitéis bhithéagsúlachta an Aontais tar éis 2020, lena n-áirítear rianú ar chaiteachas; an méid a rannchuidíonn íocaíochtaí díreacha le bithéagsúlacht talún feirme; an méid a chuireann forbairt tuaithe le bithéagsúlacht talún feirme; agus táscairí chun measúnú a dhéanamh ar thionchar CBT ar bhithéagsúlacht talún feirme;

(3) MEABHRAÍTEAR DI go gcuirtear réimse ionstraimí ar fáil le CBT 2014-2020 ar féidir leo cur le tacú leis an mbithéagsúlacht, agus CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil bearta breise sna tograí reatha le haghaidh athchóiriú CBT a mbeidh tionchar tairbhiúil acu ar an mbithéagsúlacht, lena n-áirítear coinníollacht fheabhsaithe, seirbhísí comhairleacha, éiciscéimeanna (i gColún I) agus bearta forbartha tuaithe (i gColún II);

(4) MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle maidir le *Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach*[1] agus MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil tograí reachtacha CBT tar éis 2020 faoi chaibidil ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa faoi láthair; DEARBHAÍONN SÍ sa chomhthéacs sin go ndéanfar barúlacha agus moltaí na Cúirte mar aon leis na freagraí ón gCoimisiún ar Thuarascáil Speisialta na Cúirte a chur san áireamh i bpléití na Comhairle[2].

---

[1] 12210/2020.

[2] Airteagal 7(5) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle: Nuair a thíolacfar tograí nó tionscnaimh reachtacha chuici, staonfaidh an Chomhairle ó ghníomhartha a ghlacadh nach bhforáiltear dóibh sna Conarthaí, amhail rúin, conclúidí nó dearbhuithe seachas iad siúd a théann leis an ngníomh a ghlacadh agus iad siúd atá ceaptha le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle. (aistriúchán neamhoifigiúil)